# Gradam Fionnachtana Eolaíochta agus Matamaitice 2019
# Gaelscoil Chluain Meala

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Gaelscoil Chluain Meala

# Cleachtadh a dhéanann máistreacht




# Tháinig an t-éiceolaí Dale Treadwell ar chuairt chugainn.








# Labhair sé linn fé na beacha is d'imir sé cluichí linn sa chlós.








# Naíonáin Bheaga -Bád a Dhearadh







Ag tuar - An rachaidh na rudaí ar snámh nó an rachaidh siad go tóin poill?









Na báid a dhearadh

# Na báid a thriail ar an uisce - Cén bád a thógfaidh an méid is mó paisinéirí ?









# Naíonáin Mhóra
# Cad é an maighnéad is láidre?









# Rinne Rang a hAon imscrúdú ar a gcótaí




# Na Dathanna is Coitianta i Rang 1




Bhailigh na páistí i Rang 1 na sonraí agus thaispeáin siad na sonraí ar bharrachairt agus ar phíchairt.




# Rang 2- Cad é domhantarraingt?








# Rang 2- Rinneamar paraisiúd chun é a léiriú





Rinneamar tionscnamh ar domhantarraingt trí Paraisiút a dearadh

Rinne na páistí paraisiút agus lig siad dó titim le meáchan éagsúla orthu chun breathnú an bhfuil aon difríocht ar an luas.

Rinneamar caint agus plé ar torthaí an tionscnamh

Comhábhar :

Eolaíocht : forsaí

Mata : uimhreas : oibríochtaí

meáchan : measúnú + tomhas



# Rang 3 – Rinneamar "Aillteoirí" ag déanamh gleacaíochta



# Rang 3




Chonaiceamar nuair a chuireamar taca faoi mheáchanlár an  phuipéid gur fhan  sé i gcothromaíocht gan titim!

Bhailigh an Coiste Glas sonraí faoi
"Bhuidéil Buana i nGaelscoil Chluain Meala"
Roinn siad na torthaí linn





An mó páiste i ngach rang a úsáideann búidéal buan?
Cén céatadán é sin?









# Rang 4 – An fórsa é an t-aer?














# Rang 4 - An fórsa é an t-aer?



# Rang 4 - An fórsa é an t-aer?







# Rang 5 – Roicéad a dhearadh as píobán insliú

## Roicéad

### Acmhainní

- Píobán insliú
- Banda Leaisteach
- Cairtchlár
- Bata Méadar
- Téip Láidir

### Modh

1. Gearr 36cm den phíobán insliú agus gearr 4 shlios ar bhun.
2. Faigh an cairtchlár agus gearr 2 thriantán cothrom.
3. Gearr slios ar bharr triantáin amháin agus slios ar bhun an ceann eile.
4. Cuir na triantáin le chéile agus cuir iad isteach sna sliseanna a rinneadh sa phíobán insliú.
5. Cuir píosa téip ar an mbarr agus nuair a bhíonn sé greamaithe ar thaobh amháin cuir an banda leaisteach air.
6. Cuir an píosa téip tríd agus greamaigh é ar an taobh eile.

### Chun an Roicéad a Lainseáil

- Faigh bata méadar agus cuir banda leaisteach ag an mbarr.
- Tarraing an roicéad siar agus scaoil é.

# Rang 5 – An Lainseáil

**Roicéad**

**Acmhainní**

- Insliú
- Banda leaisteach
- Cairtchlár
- Bata méadar
- Téip láidir

**Modh**


1. Gearr 36cm d'insliú phíobáin.
2. Gearr 4 slios ag an mbun.
3. Gearr 2 triantáin ó chairtchlár.
4. Gearr slios ar bhun triantáin amháin agus ar bharr an ceann eile.
5. Cuir an dá triantán le chéile.
6. Cuir na triantáin sa slios sa roicéad.
7. Cuir téip láidir ag an mbun.
8. Faigh banda leaisteach agus ceangail é le barr an roicéid.
9. Déan é a dhaingniú le téip.
10. Faigh bata méadar, cuir an banda leaisteach ar bharr, tarraing ar ais é agus scaoil leis an roicéad!








D’fhoghlaimíomar faoi chódú ag an LIT i gCluain Meala.



# Tháinig innealtóir ar chuairt chuig Rang 6 chun insint dúinn faoina post.






Dhearamar roicéad as páipéar, peann luaidhe, sellotape agus sop.
<u>An aidhm</u> – An roicéad a eitilt chomh fada is go bhféadfaimis ag úsáid anáil mar fhuinneamh

Chualamar faoina ról mar innealtóir agus na saghas táirigí a dhearann sí mar chuid dá post laethúil.




# Dhearamar roicéid!!







## An tógáil





## An seoladh





# Rang 6 - Dúshlán na huibhe

## Sprioc

**Scaoil leis an ubh ó airde aon mhéadar amháin gan í a bhriseadh.**



Turgnamh- Ubh ag titim gan bhriseadh

Fearas:

- Cumhdach bolgóideach
- Téip
- Ciarsúr
- Olann
- ubh

Módh

1. Cuir an ciarsúir isteach sa chumhdach bolgóideach. Leag an olann amach ar an gciarsúr.
2. Faigh an ubh agus cuir é isteach sa chumhdach bolgóideach.
3. Rollaigh gach rud suas agus clúdaigh é le téip.



| Fearas |
|---|
| 1) ollan codáis |
| 2) scairf ceann (déanta as ollan) |
| 3) ollan |
| 4) cás ollan d'fheadóg stáin |
| 5) ciarsúirí |
| 6) tape |

MODH

1} Cuir trí phíosa d'ollan codáis sa cás ollan d'fheadóg stáin.
2}Cuir an ubh sa cás ollan.
3}Líon an cás le ollan codáis.
4}Fill an cás timpeall ar an ubh.
5} Faigh cúpla ciarsúir agus cuir iad timpeall ar an gcás, daingnigh iad le tape.
6} Cuir an scairf ceann timpeall ar gach rud.
7}Daingnigh gach rud le ollan agus tape.
8}Cuir dhá ciarsúir ar barr a chéile.
9} Déan ceithre poll, ceann i ngach cúine.
10}Snáth píosa ollab (timpeall 20cm) tríd gach poll, agus ceangail go daingeann. Tá paraisiút déanta agat!
11} Ceangail ollan timpeall ar an scairf ceann.
12} Ceangail an paraisiút leis an ollan ar an scairf.
Tá tú críochnaithe!

# Rang 6 – Dúshlán na huibhe




## Turgnamh

Fearas

- Glantóir Píopaí.
- Sprionga
- Bosca Pringles
- cumhdach bolgóideach
- Olann
- Páipéir nuachtán
- Mála Plaisteach
- Sreang
- Ubh
- sellotape

Modh

1. Déan poll i mbun an bhosca Pringles.
2. Brúigh an sprionga isteach sa pholl.
3. Greamaigh sellotape leis an sprionga.
4. Gearr ceithre pholl timpeall an barr.
5. Cuir dhá sreang tríd na poill.
6. Clúdaigh an taobh amuigh den bhosca leis an gcumhdach bolgóideach ansin cuir tape air.
7. Gearr réalta ón mála plaisteach.
8. Fill an sreang tríd na cúinní den mhála plaisteach.
9. Brúigh isteach an olann
10. Cuir an barr ar an mbosca.







# Slán, ó Ghaelscoil Chluain Meala

